# An Garda Síochána

## Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht

# Sábháilteacht Phearsanta

## Slándáil Saoire

### Réamhrá

Tugann an bileog eolais seo eolas duit mar gheall ar trí cinn de réimsí lárnacha a bhaineann le do shlándail saoire mar seo as leanas -

- Pleananna ullmhúcháin agus ag daingniú do chuid maoine
- Sábháilteacht nuair a bhíonn tú ag taisteal
- Ag cosaint do chuid leanaí

Radharc ar saoire— ag imirt bollaí san Fhrainc

### Pleananna Ullmhúcháin agus Ag daingniú do chuid maoine

Sula dtéann tú:

- Faigh amach mar gheall ar an gceantar ar a bhfuil tú ag tabhairt cuairte. An bhfuil sí slán do chuairteoirí? An bhfuil aon dhlíthe nó nósanna aitiúla i bhfeidhm, atá difriúil ón mbaile, a ba cheart duit feasach a bheith agat orthu?
- Bí eolasach ar bhearta slándála ag aerfoirt agus nó ag poirt farraige. Is iomaí earra tí coitianta nach féidir a iompar mar bhagáiste láimhe ar eitleáin.
- Cuir in iúl do comharsa iontaofa nó do ghaol maidir le do chuid socruithe taistil, an ceann scríbe atá bear-taithe agus sonraí teagmhála. Ná fógair do chuid socruite taistil do dhaoine eile trí thimpiste.
- Tabhair cuireadh do do chomharsana leas a bhaint as do chabhsán do pháirceáil cairr.
- Socraigh do chuid faiche a bhaint, go háirithe nuair a bhíonn tú as láthair ar feadh achair fada sa samhraidh.
- Cuir do chuid bainne, do chuid seachadtaí nuachtáin ar ceal.
- Déan socrú le comharsa nó le gaol do chuid poist a bhailiú nó leas a bhaint as Mailminder ó An Post.
- Bain úsaid iomlán as gléasanna ama solais agus ná fág na cuirtíní tarraingthe i gcaitheamh an lae. B'fhé-idir go mbeadh do chomharsa sásta leis an ndualgas seo
- Ma tá aláram baile agat – cuir do neamhláithreacht in iúl d'ionad monatóireachta agus cinntigh go bhfreastalóidh aon shealbhóirí eochrach ainmnithe ar aon ghníomhachtú go pras
- Bí feasach ar aon theorainn árachais le háitribh folamha
- Tabhair do neamhláithreacht ó do bhaile le fios do na Gardaí
- Infheistigh i dtaisceadán cáilíochta le haghaidh aon earraí luachmhara a fhágtar i do bhaile.
- Déan ceacht "fódóireachta" mórthimpeall ar thalaimh do thí cónaithe agus aistrigh agus daingnigh aon earraí gan slándáil.

### Sábháilteacht nuair a bhíonn tú ag taisteal –

- Úsáid do sheoladh baile ar earraí bagáiste.
- Déan taifead ar leith de na sonraí ar na hearraí seo a leanas:
  - Do phas agus do cheadúnas tiomána.
  - Na cártaí creidmheasa agus bainc ar fad.
  - Caipéisí taistil.
  - Uimhreacha Teagmhála éigeandála do gach ceann de na seirbhísí seo. Má tá fón póca agat, ba cheart do na huimhreacha teagmhála seo a bheith sábháilte ar an bhfón ag baint úsáide as réimíreanna rochtana idirnáisiúnta.
- Bíodh seirbhís déanta ar d'fheithicil go huile agus go hiomlán sula n-imíonn tú agus cinntigh go bhfuil bol-gáin eile, treallamh éigeandála agus mar sin de agat.
- Má tá tú ag baint úsáide as raca dín do bhagáiste, ná páirceáil ach i gcarrchlóis atá daingnithe agus aistrigh é nuair nach ga é
- Bíodh a fhios agat cá bhfuil tú ag imeacht agus, más

**Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le**
**d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil**
**nó**
**tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie**

Arna eisiúint ag Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht, Ceanncheathrú an Gharda Síochána, Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2. Aibreán 2009

gá duit stopadh, bain leas as ceantair staisiún seirbhíse buanaithe amháin.

- Bí cúramach faoi bheith ag stopadh do strainséirí nó do “dhaoine i dtrioblóid” – cuir fios ar na Gardaí nó na póilíní áitiúla
- Aistrigh gach earra luachmhar, léarscáileacha agus mar sin de taobh istigh de do charr agus cuir isteach san ionad bhagáiste iad.
- Iompair fón póca agus bíodh a fhios agat cén chaoi a dtéann tú i dteagmháil leis na seirbhísí éigeandála sa cheantar ar a bhfuil tú ag tabhairt cuairte. Bíodh a fhios agat cá bhfuil tú más gá dóibh tú a aimsiú.
- Ag do cheann scríbe, óstán, láthair campála agus mar sin de – bíodh a fhios agat go maith go mbíonn tú inaitheanta go héasca ag dreamanna coiriúla mar chuaireoir/thurasóir. Ta sé tábhachtach go nglasáileann tú agus go ndaingníonn tú do sheomra agus do chuid earraí luachmhara agus ná fágtar na heochracha ar taispeáint choíche ná go deo.
- Ná iompair do chuid airgid tirim/ earraí luachmhara ar fad in éineacht leat. Bain leas as taisceadán an óstain san áit gur féidir leat.
- Ná déan gaisce ar do chuid maoine os comhair an tsaoil agus ná fógair í – beidh gadaithe ag faire air seo.

Radhard sráide ar saoire

## Ag cosaint do chuid leanaí

- Múin do do chuid leanaí do sheoladh iomlán agus na huimhreacha teagmhála teileafóin lena n-airítear cén chaoi glaoch a chur ar na Gardaí nó na póilíní áitiúla i gcás éigeandála.
- Má théann do leanbh ar iarraidh – múin dóibh faoi cén chaoi a thuairisciú do dhuine slándála, bainisteoir stórais, na Gardaí nó na póilíní áitiúla.
- Tabhair comhairle dóibh ar na hoirbheartaíochtaí atá in úsáid ag fuadaitheoirí chun teannadh leo cuir i gcás dul ar thóir pheata atá caillte, ag tairiscint bronntanais agus mar sin de. Inis dóibh nár cheart dóibh dul in éindí le strainséirí, isteach i dtithe nó i ngluaisteán is cuma faoi cén míniúchán nó aslú atá á thabhairt dóibh.
- Inis do do chuid leanaí a chur in iúl duit lom láithreach má tá strainséir tar éis dul i ngiorracht dóibh. Ná gléas do chuid leanaí choíche lena gcuid ainme agus sloinne ar taispeáint go feiceálach ar a gcuid éadaí, mar gheall ar go bhféadfaidh strainséir a ainm agus a sloinne a úsáid chun a aird a fháil. Inis dóibh rith, screadadh agus cén áit le imeacht má dhéanann duine iarracht iad a thadhall nó greim a bhreith orthu.
- Ba cheart do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí leanaí a thionlacan go dtí leithris in áiteanna poiblí.
- Déan suirbhé ar na haiteanna caitheamh aimsire a úsaideann do leanbh – pointeáil amach na ceantair is dócha atá contúirteach - pacáistí, áiteanna ceilte, cuaisíní agus mar sin de.

Sa deireadh thiar thall, ná déan moill go deo leanbh atá ar iarraidh a thuairisciú. Déan cinnte go bhfuil grianghraf suas chun dáta i do sheilbh agat.

## Camscéimeanna Saoire

Oibríonn lucht camscéimeanna agus lucht na calaíose de dhroim an domhain agus níl tú chomh imdhíonach óna gcuid gníomhachtaí nuair a bhíonn tú ar saoire agus a bhíonn tú sa bhaile. Go deimhin féin in go leor áiteanna, is minic a dhírítear ar dhaoine ar saoire ag lucht camscéimeanna agus ag lucht na calaoise.

I measc na gcamscéimeanna is tipiciúla le haird a thabhairt orthu, bíonn -

- An club saoire eisiach bréige – a gheallann a lán duit ach a theipeann air é a sheachadadh
- An dearbhán bréige ‘2 in áit 1’ – go minic ag baint le béilí bialainne, rud a fhaightear a bheith ‘as dáta’ nó ‘gan a bheith bailí níos mó’ nuair a dhéantar iarracht iad a fhuascailt
- An tiománaí teacsaí bréige - *“Faigh an ceann is fearr ar an scuainne a dhuine uasail tar in éindí liom”,* ach amháin go gcríochnaíonn tú suas ag tógáil an bealaigh álainn agus ag íoc i bhfad níos mó ná mar is gá.
- Camscéimeanna neamhoifigiúla maidir le malartú airgid – rátaí móra á dtairiscint ach go minic bíonn nótaí gochumtha nó páipéar bán iontu i measc beart nótaí a thugtar ar ais ar láimh duit.

Ní mór machnamh a dhéanamh ar na seanráitis “má bhíonn sé ró-mhaith le bheith fíor is iondúil go mbíonn sé ró-mhaith le bheith fíor” agus “caveat emptor (fainic an ceannaitheoir)”.

***Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.***

***Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.***

### Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

**Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,**
Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

**An Garda Síochána**
www.garda.ie

**An Roinn Gnóthaí Eachtracha**
www.foreignaffairs.gov.ie